An Turas go dtí seo!



Tús maith – leath na hoibre, nó sin mar a mhaíonn an seanfhocal ar aon nós! Is minic a ghlacaimid le comhairle an tseanfhocail chéanna, go háirithe agus scrúduithe sa mhullach orainn, nó ag tús na hathbhliana, agus dea-nósanna á leagadh amach don bhliain romhainn! Bhuel anois, ar mhaith leat tús maith a chur le forbairt na Gaeilge duit féin, don rang, don scoil? Más amhlaidh bí linn ar an gCeathrú Rua Mí Bealtaine – Deireadh Seachtaine Tús Maith! Tá cuiditheoirí Tús Maith níos mó ná sásta tacú leat. Ní neart go cur le chéile!

Tháinig Tús Maith ar an saol faoi Cháisc anuraidh nuair a sheol an tAire Oideachais, Mary Hanafin, an clár úr nua seo ag Comhdháil Chumann Múinteoirí Éireann. Tugadh cúram an chláir seo don Chlár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile, le cur i gcrích i mbunscoileanna na tíre. Tá aidhmeanna ar leith ag Tús Maith:

- Cumas teanga an mhúinteora a fhorbairt chomh maith le misneach agus muinín sa Ghaeilge a spreagadh.
- Forbairt ghairmiúil an mhúinteora a éascú.
- Oiliúint ar Churaclam na Gaeilge.

Ag tús na scoilbhliana 2006-2007, chuir Tús Maith deiseanna ar fáil do mhúinteoirí aonair, d'fhoirne scoile agus do phríomhoidí i dtrí phobal scoileanna (gnáthscoileanna, scoileanna lán-Ghaeilge, scoileanna Gaeltachta) a riachtanais éagsúla a bhaineann le cumas na Gaeilge a chur in iúl. Léiríodh go soiléir an dlúthcheangal idir chumas teanga an mhúinteora a fhorbairt chomh maith le misneach agus muinín sa Ghaeilge a spreagadh agus múineadh agus foghlaim na Gaeilge ar scoil. Bhí comhairliúchán agus comhpháirtíocht ag croílár na hoibre seo i gcónaí. I measc na moltaí a bhaineann le feabhas a chur ar chumas na Gaeilge, d'aithin múinteoirí agus cuiditheoirí iad seo a leanas:

- Ceardlanna teanga iarscoile a stiúradh a bheadh dírithe ar riachtanais teanga na múinteoirí/scoileanna.
- Ceardlanna gréasáin sa Ghaeilge a reáchtáil agus a sholáthar go réigiúnach dírithe ar leibhéil chumais éagsúla.
- Grúpaí comhrá a fhorbairt chun deiseanna a sholáthar do mhúinteoirí an Ghaeilge a úsáid mar ghnáth-theanga agus iad i mbun caidrimh lena chéile go neamhfhoirmeálta.
- Ceardlanna cruinnis a sholáthar dírithe ar mhúinteoirí ar mhian leo gramadach níos cruinne a bheith acu agus deis a fháil a gcuid scileanna a fhorbairt.
- Tuiscint, líofacht, cruinneas agus saibhreas na Gaeilge a fhorbairt trí mhúnlóireacht agus trí mhéantóireacht ranga agus trí fhóraim plé a chothú agus a spreagadh.
- Deiseanna a sholáthar chun ábhar amháin nó codanna d'ábhair a mhúineadh trí Ghaeilge.
- Seirbhís eolais cuimsitheach agus tacaíocht leanúnach a sholáthar ar bhonn reigiúnda trí áiseanna tacaíochta idirlín, cúrsaí gairmiúla oiliúna, seimineáir agus cruinnithe dírithe ar mhodheolaíochtaí teanga, ar churaclam agus ar fhorbairt teanga.
- Cursaí cumais sa Ghaeltacht.
- Cursaí samhraidh.
- Ceardlanna do phríomhoidí/bhainistíocht inmheánach scoile a sholáthar chun idirphlé breise a dhéanamh maidir leis na sainriachtanais phleanála, forbartha agus tacaíochta don Ghaeilge.

Cúiseanna ilréimseacha atá mar bhunús leis an ngéarchéim agus sa tslí chéanna, beidh gá le cur chuige ilghnéitheach agus le réimsí éagsúla feabhais – mar atá molta thuas – chun dul i ngleic leis na dúshláin a léiríodh.

Tá Tús Maith i mbun oibre, ag tacú libh, ó shin sna ranganna, sna scoileanna agus sna h'ionaid oideachais. Talamh úr le treabhadh gan amhras – ach beimid ag súil go mór leis an bhFómhar.

Tá Deireadh Seachtaine ar leith á reáchtáil againn ar an gCeathrú Rua, 18ú-20ú Bealtaine. Cloistear an port céanna ó mhúinteoirí go minic... I'd love to spend a weekend/week in the Gaeltacht to polish up my Irish, but it's too expensive/at the wrong time of the year.... Shocraigh foireann Tús Maith tabhairt faoin ngearán seo a réiteach. Ba léir go raibh an-suim ag múinteoirí ina leithéid de chúrsa, ach na coinníollacha cearta a bheith ann dóibh. Thugamar faoi chúrsa a chur le chéile chun deiseanna cainte, athnuachana agus cumarsáide a sholáthar do mhúinteoirí . Beidh an cúrsa seo breac le spraoi, spórt agus spleodar, as Gaeilge. Agus tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sásta íoc as!!!

B'fhearr duit an deis seo a thapú láithreach. Is cuma cé chomh bacach, briste, rusty, dusty nó lofa is atá do chuid Gaeilge, geallaimid go mbainfidh tú taitneamh agus tairbhe as an gcúrsa seo. B'fhiú go mór dul sa tseans agus do Chúpla Focal a scaoileadh amach. Tosnaíonn an t-aistear is faide le coiscéim amháin... Tóg í! Táimid ag tnúth le bualadh leat ar an gCeathrú Rua i Mí Bealtaine, i gcroílár Chonamara, an áit is deise ar domhain. Tuilleadh eolais chomh maith le foirm iarratais ar fáil ar www.pcsp.ie nó 01 4642227.

Bí linn!

Tús Maith ....Leath na hOibre!!!!!

Curtha le chéile af Foireann na Gaeilge, Clár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile. Tuilleadh eolais: www.pcsp.ie